

SIAMSÁN SA MBAILE!

Déan tú féin é: Uirlisí Ceoil!

Gníomhaíocht í seo don teaghlach, iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Uirlisí Ceoil le déanamh sa mbaile! Lean na treoracha thíos nó déan d'uirlis féin.

Nuair a bheidh tú críochnaithe is féidir an leathanach a scanadh nó pictiúr de a sheoladh chuig: eolas@tuismitheoiri.ie

Roghnófar buaiteoir ar an 13 Aibreán mar sin bíodh na freagraí againn roimh a 5.00 in an lá sin. Go n-éirí libh!

An Duais: Dearbhán €40 dod' rogha gnó Gaeltachta/Gaelach.

Drumaí le déanamh sa mbaile:

Ábhar:

- Cannaí péinte nó pónairí nó buicéid phlaisteacha (3 cinn más féidir, den mhéid céanna nó de shagh-sanna éagsúla)
- Téip dhuchta (dhá dhath difriúil ar a laghad más féidir)
- Clár gearrtha (plaisteach)
- Scian cheardaíochta
- Cairtchlár
- Péint nó ábhar eile dathúcháin
- Siosúr
- Gliú te nó gorilla glue
- Ribín
- Dhá mhaide adhmaid
- Páipéar daite (crua)

**Buicéad atá luaithe sna treoracha thíos ach is féidir cannaí nó soithí eile a úsáid freisin.*

Modh:

1. Má tá lámha ar na buicéid – bain díobh iad.
2. Greamaigh téip dhuchta de na buicéid phlaisteacha len iad a mhaisiú nó clúdaigh iad le páipéar agus maisigh iad le péint, pinn luaidhe dhaite nó criáin dhaite.
3. Is féidir an téip dhuchta a leagan i stríocaí ar chlár gearrtha plaisteach agus do rogha dearadh a ghearradh amach astu le barr scine. Ní mór do dhuine fásta cúnaimh a thabhairt agus súil a choinneáil ar an gcéim seo. Tarraing na stríocaí maisithe den chlár agus greamaigh den bhuicéad iad nuair atá siad réitithe.
4. Leag na buicéid béal fúthu ar pháipéar daite agus lean imeall an bhuicéid le peann luaidhe go dtí go mbeidh cruthanna ciorclacha déanta agat.
5. Gearr amach na ciorcail. Úsáid do shiosúr nó scian cheardaíochta chun scoilteanna beaga (thart ar 2 cm ar fhad) a ghearradh (ón imeall isteach) timpeall ar imeall an pháipéir.

6. Iompaigh an buicéad béal faoi arís agus leag an páipéar ar bhun nó ar thóin an bhuicéid. Crap nó fill na scoilteanna beaga anuas ar an mbuicéad de réir mar a théann tú timpeall agus greamaigh den bhuicéad iad leis an téip dhuchta.
7. Gearr amach píosa dronuilleogach mór cairtchláir – bíodh an píosa leathan a dhóthain leis na trí bhuicéad a leagan air ceann i ndiaidh a chéile. Maisigh nó péinteáil an cairtchlár.
8. Leag na trí bhuicéad ar an gcairtchlár, ceann i ndiaidh a chéile agus úsáid 'gorilla glue' nó gliú fíorláidir éigin eile chun íochtar na dtrí bhuicéad a ghreamú den chairtchlár.
9. Déan dhá pholl sa dá choirnéal tosaigh den chairtchláir. Faigh píosa ribín sách fada agus sách láidir leis an mbailiúchán drumáí a chrochadh agus le dul ó bhun na ndrúmaí, timpeall ar chúl mhuiníl an ghasúir, síos go bun na ndrúmaí arís. Ceangail snaidhm láidir ar thaobh amháin den ribín. Cuir tríd an bpoll é, tarraing é chomh fada leis an dara poll, cuir tríd an bpoll sin é agus ceangail snaidhm air. Is féidir suas le trí phíosa ribín a úsáid leis an 'slabhra' seo a láidriú.
10. Ar ndóigh teastóidh maidí de shaghas éigin le haghaidh na drumáí a bhualadh! Úsáid maidí nó cipíní adhmaid le torann a bhaint as na drumáí. Is féidir murlán adhmaid nó coirníní adhmaid a ghreamú de bharr de na maidí le tuilleadh torainn a chinntiú.

Pictiúr Samplach:

Is féidir leat do rogha uirlis cheoil eile a dhéanamh!



Treoracha

- Úsáid ábhar atá caite thart sa mbaile msh seanchannaí péinte agus pónairí le haghaidh drumáí a dhéanamh; clocha beaga i mbuidéil phlaisteacha chun cnaguirlis a chruthú.
- Maisigh an uirlis – úsáid dathanna éagsúla
- Déan taifead gairid den uirlis ag déanamh ceoil/torainn. Ní gá éadan an ghasúir a 'speáint sa taifead más féidir.

'TIOCFAIMID
SLÁN'

'TIO (FAIMID SLÁN'

Ainm an pháiste:

Aois:

Ainm an tuismitheora:

Seoladh baile:

Seoladh ríomhphoist:

Buaiteoirí na nduaiseanna: Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsíú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Ní gá pictiúr nó taifead den bpáiste féin a bheith mar chuid den iarratas. Seolfar na duaiseanna amach sa phost nuair a bheidh deireadh leis na srianta pobail. Scríosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.



Tuismitheoirí
na Gaeltachta

Tuairisc.ie



An Roinn Cultúir,
Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta